



LÉIRIÚ ÁBHAR do MOLSCÉAL i gConamara, An Rinn, Maigh Eo, Dún na nGall, Tuaisceart Éireann, Ráth Chairn agus Baile Átha Cliath.

I bhFómhar na bliana 2018, chuir TG4 tús leis an mbranda nua Neamhlíneach, MOLSCÉAL, atá dírithe ar phobal na Gaeilge agus Gaeltachta.

Tá rath ar MOLSCÉAL ó shin agus bíonn nach mór dhá mhilliún amharc físe ar fhíseáin MOLSCÉAL in aghaidh na bliana ar na meáin shóisialta.

Cuireann TG4 fáilte roimh comhlachtaí léirithe a bheadh in ann cúram léiriúcháin a dhéanamh do scéalta físe a chruthú ar bhonn rialta a bheadh mar chranntaca do Molscéal sna ceantair Ghaeltachta Conamara, An Rinn, Maigh Eo, Dún na nGall, Tuaisceart Éireann, Ráth Chairn agus Baile Átha Cliath.

MOLSCÉAL:

Fáiltítear roimh chomhlachtaí atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta, a mbeadh ar a gcumas scéalta físe áitiúla ó chroí phobal na Gaeltachta agus saol na Gaeilge a sholáthar a bheadh curtha in oiriúint do árdáin ar líne MOLSCÉAL. Is comhlachtaí atá á lorg a bhfuil thuiscint ghrinn acu ar Chroí Phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge, agus a bhfuil foireann faoina gcúram atá in ann scéalta a chruthú ar mhúnla scéaltaí físe nó iriseoir físe.

Bheadh súil le soláthar scéalta reatha agus scéalta suimiúla atá dírithe ar phobal na Gaeilge agus Gaeltachta. Bheadh scéalta ag teacht ó gach ceantar Gaeltachta agus clúdach leathan a thabhairt do na pobail éagsúla. D'fhéadfaí freisin, ó am go chéile sraitheanna a chruthú ar théamaí ar leith.

D'fhéadfaí é a bhronnadh ar chomhlacht amháin nó ar chúpla comhlacht atá scaipithe i gceantair éagsúla. Bheadh cearta saoil treas ardán TG4 ag ábhar faoi bhranda Molscéal.

Tuilleadh eolais:

Is féidir breis eolais a dhéanamh ach teagmháil a dhéanamh le TG4 via Lís Ní Dhálaigh nó Deirdre Ní Choistín.

Ag Teastáil

Seol isteach bunsmainte ina ndéanfar cur síos ar na réimsí seo:

- An cur chuige físe don ábhar
- An cur chuige chun teacht ar soláthar reatha scéalta nó daoine - treas Ghaeltachta / treas Phobail Gaeilge
- An príomh Fhoireann Léirithe ar an togra. (Léiritheoir/Taighdeoir/Ceamaradóir/Eagarthóir)
- Samplaí do cineál scéalta / cineál daoine a mholfá
- Léiriú ar thuiscint na comhlachta ar ábhar ar na h-árdáin soisialta.

Clár Ama

Dé hAoine 1/10/21

Spriocdháta

Seachtain 4/10/21

Roghnúchán

Deireadh Fómhair

Réamhléiriú

Samhain

Tús Foilsiú ar Mhíreanna.

Pointí tagartha:

- MOLSCÉAL (TG4.ie/Molscéal)